CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH


70 1952 - 2022

**PREASEISIÚINT Uimh. 195/22**

**Lucsamburg, 2 Nollaig 2022**

# 1952-2022: Fóram Urghnách na mBreithiúna ar ócáid chomóradh 70 bliain de Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

*Ceiliúrann an Chúirt 70 bliain ó tháinig a céad chomhaltaí in oifig an 4 Nollaig 1952 i Lucsamburg, le linn trí lá a bheidh dírithe ar an téama "Ceartas gar don saoránach"*




*Príomhsheomra Cúirte Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (uiscedhath de chuid Noëlle Herrenschmidt, 2008).*

Beidh an ócáid oifigiúil seo ar siúl ón 4 go dtí an 6 Nollaig 2022 i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, faoi chuimsiú Fhóram Urghnách na mBreithiúna. Is collóiciam bliantúil é Fóram na mBreithiúna a eagraítear chun na naisc bhunúsacha a chothabháil idir an Chúirt agus cúirteanna náisiúnta na mBallstát, a chuireann dlí an Aontais i bhfeidhm ar bhonn laethúil i ndlúthchomhar leis an gCúirt.

Tabharfaidh an t-eagrán áirithe seo in 2022 le chéile comhaltaí na Cúirte Breithiúnais agus Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, Uachtaráin Chúirteanna Bunreachtúla agus Uachtaracha na mBallstát uile agus Uachtaráin na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine agus Chúirt Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE).

Osclófar an t-imeacht tráthnóna an 4 Nollaig 2022 le hóráid ón Uasal Koen Lenaerts, Uachtarán na Cúirte, agus ina

dhiaidh sin déanfar scannán comórtha a thaispeáint a rinneadh i bhfianaise chomóradh 70 bliain ó bunaíodh an Chúirt.

An 5 Nollaig, reáchtálfaidh an Fóram trí sheisiún iomlánacha agus ceardlann maidir le ceartas a thabhairt níos gaire do shaoránaigh.

Dúnfar an Fóram an 6 Nollaig le héisteacht shollúnta i láthair a Mhórgachta Ríoga an tArd-Diúc Oidhreachtúil, iarchomhaltaí na Cúirte, lena n-áirítear Uachtarán na Laitvia A.S an tUasal Levits Egils, agus na Cúirte Ginearálta, ionadaithe sinsearacha de chuid na n-institiúidí Eorpacha, údaráis an Stáit óstaigh agus an chóir taidhleoireachta chomh maith le hionadaithe an phobail dhlíthiúil. Tar éis aitheasc fáilte ón Uasal Lenaerts, labhróidh Céad Leas-Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, an tUasal Othmar Karas, an tAire Reachtaíochta agus Uachtarán Chomhairle Reachtaíochta Rialtas Phoblacht na Seice, an tUasal Michal Šalomoun, Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Vera Jourová Uasal, agus Aire Cultúir agus Dlí agus Cirt Ard-Diúcacht Lucsamburg, Sam Tanson Uasal, ar a seal.

Craolfar an éisteacht shollúnta beo ó 11 a.m. ar shuíomh gréasáin CVRIA, inrochtana ón nasc seo a leanas: https://curia.europa.eu/jcms/jcms/p1_3865569/

Ar thráthnóna an 6 Nollaig, sa Phríomhsheomra Cúirte, glacfaidh ranganna de dhaltaí ardscoile páirt i seisiún ceisteanna agus freagraí leis an Uasal Lenaerts, an Uasal Karas agus an Uasal Jourová. Tabharfaidh an cruinniú seo, dar teideal “Tógálaithe na hEorpa”, na céadta dalta ardscoile ó gach cearn den Aontas Eorpach, a bheidh rannpháirteach go pearsanta nó trí fhíschomhdháil, le chéile le hateangaireacht chomhuaineach.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Teagmháil phreasa: Jacques Rene Zammit ✆ (+352) 4303 3355

**Stay Connected!**